

Diostróife Mhatánach

Everyday Thom endures a great deal of pain, but he never complains. He just lives each day to the fullest ... he has taught me so much ... He is truly a hero in my eyes and I love him so very much.

Ó *Living with MD* le Leslie, a bhfuil diostróife mhatánach ar a fear céile
<http://www.geocities.com/SiliconValley/Lakes/1992/md.html>

Clúdaíonn an téarma diostróife mhatánach raon riochtaí néarmhatánacha. Is í seo an tsaintréith: éiríonn snáithíní na matán níos laige de réir a chéile agus tagann seargadh orthu. Tá dhá phíomhchineál diostróife mhatánach ann: *Diostróife mhatánach Duchenne* agus *diostróife mhatánach miótonach*. Is í an phríomhthréith atá ag diostróife mhatánach go n-éiríonn na matáin níos laige de réir a chéile; tá an leanbh cosúil le haon leanbh eile a thagann ar an saol ach de réir mar a fhásann an leanbh agus de réir mar a thagann meath ar na matáin éiríonn an leanbh i bhfad níos laige. Is riocht forásach í *diostróife mhatánach Duchenne* agus cuireann sí teorainn le fad an tsaoil. Is riocht í ina bhfeictear athrú suntasach ar chumais an dalta thar na blianta. Cé go bhféadfadh lagú intleachta tarlú do dhaltaí áirithe le *diostróife mhatánach Duchenne*, ní chuireann sí isteach ach ar mhionlach daltaí.





Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Smaoinigh ar shábháilteacht thart ar fhoirgneamh na scoile agus ar conas is féidir leis na daltaí seo gluaiseacht isteach i seomraí agus amach astu.
- Is féidir suíocháin speisialta a úsáid. Téigh i gcomhairle leis an teiripeoir saothair maidir leis na cúrsaí seo.
- Spreag an dalta chun a bheith chomh gníomhach agus is féidir chun matáin shláintiúla a choinneáil mar sin chomh fada agus is féidir.
- Úsáid straitéisí difriúla (m.sh. ríomhairí, bileoga eolais, téipeanna, srl.) chun cabhrú leis an dalta coinneáil suas leis an gcuid eile den rang.
- Déan gníomhaíochtaí Corpoideachais a oiriúnú ionas gur féidir leis an dalta a bheith rannpháirteach (m.sh. trealamh éadrom a úsáid).
- Treoraigh an dalta i dtreo rampaí nó ardaitheoirí más gá.
- Téigh i gcomhairle leis an bhfisiteiripeoir chun treoir agus cúnamh a fháil.
- Bí airdeallach ar chomharthaí cúlaithe agus dúlagair, seans go n-aireoidh na daltaí nach bhfuil siad páirteach a thuilleadh sa rang, de réir mar a fhorbraíonn an ríocht.
- Tabhair breis ama, más gá, do dhaltaí le tascanna a chur i gcrích.
- Cinntigh go bhfuil na suíocháin oiriúnach agus go bhfuil na boird feiliúnach le haghaidh cathaoir rotha.
- Bain feidhm as córas dlúthchairde.
- Tabhair spreagadh agus tacaíocht sheasta do dhaltaí.
- Má úsáideann daltaí cathaoireacha rotha, crom síos chun labhairt leo ionas go mbeidh siad in ann tú a fheiceáil.
- Deasca a bhfuil cruth bord orthu, seans go mbeidh a leithéid ag teastáil ó dhaltaí, má tá cathaoir rotha acu, chun dóthain spáis a chur ar fáil do na cosa.
- B'fhéidir go mbeidh ort an clár bán/dubh sa seomra ranga a íslíú má tá an dalta i gcathaoir rotha.
- Úsáid tacaí, racaí léitheoireachta inaistrithe nó deasca incheartaithe ionas go mbeidh sé níos éasca ag an dalta léitheoireacht a dhéanamh.





Acmhainní/Tagairtí Breise

- 1 Algozzine, B. agus Ysseldyke, J.E. (2006) *Teaching Students with Medical, Physical and Multiple Disabilities: A Practical Guide for Every Teacher*, Thousand Oaks, CA: Corwin Press.
- 1 An Clinic Lárnach Íocshláinteach, Éire: soláthraítear raon sainseirbhísí anseo do leanaí agus aosaigh le míchumais fhisiceacha, láithreán gréasáin: <http://www.crc.ie/>
- 1 Cumas Éireann (Enable Ireland): soláthraíonn siad seirbhísí do leanaí agus dá dteaghlaigh, a chlúdaíonn gnéithe d'fhorbairt fhisiceach, oideachasúil agus shóisialta an linbh ón luath-naíonacht go hógántacht. Soláthraíonn Cumas Éireann seirbhísí d'aoisigh chomh maith, láithreán gréasáin: <http://www.enableireland.ie/>
- 1 Diostróife Mhatánach Éireann, láithreán gréasáin: <http://www.mdi.ie/>
- 1 Emery, A.E.H. (2000) *Muscular Dystrophy: the Facts*, Oxford: Oxford University Press.
- 1 Fox, M. (2003) *Including Children 3–11 with Physical Disabilities: Practical Guidance for Mainstream Schools*, Londain: David Fulton Publishers.
- 1 Grogan, M. (2007) *Partners in Education: A Handbook on Disability Awareness and Inclusive Practices for Students with Disabilities* (2ú eag.), Uíbh Fhailí: Ionad um Maireachtáil Neamhspleách Uíbh Fhailí. Ar fáil ó Michael Nestor, IMN Uíbh Fhailí. Teil: 0579322832/24144 ríomhphost oiel@eircom.net
- 1 Siegel, I.M. (1999) *Muscular Dystrophy in Children: A Guide for Families*, Nua Eabhrac: Demos Medical Publishing.
- 1 Williams, O. (2003) *Assistive Devices, Adaptive Strategies, and Recreational Activities for Students with Disabilities: A Practical Guide for Including Students Who Need Assistive Devices and Adaptive Strategies into Physical Education and Recreation Activities*, Champaign, IL: Sagamore Publishing.



Notáí

Lined writing area for notes.